Mairg do dhuine mairg do neoch

[P. A. Breatnach, ‘Mairg do dhuine mairg do neoch’, *Éigse* 34, 2004, 196]

1 Mairg do dhuine mairg do neoch
bhíos go droichéadaigh doichleach,
mo-ghéanar duine do-ní
don tsaoghal uile neimhní.

2 Bheith go doichleach olc an béas
do neoch dá bhfuil a ccorp chriadh,
millidh a dhealbh is a dhreach,
mairg darob dán droicheineach.

3 Duine doichleach ima phroinn
is olc a thoisc a ccolainn,
ní cóir a chaoine ná a ghul
arna dhola don domhan.

4 Bíd piasda ifirnn fhuair
ag crádh a chuirp ’s gach aird,
duine doichleach ar na dhul
ní cóir a ghul ná a mhairg.

MAIRG